

AN SLIPÉAR GLOINE

Feargas Mac Lochlainn
Maisithe ag Paddy Donnelly

Futa Fata
Crua, 32LCH, €12.95
ISBN 9781910945711

Téamaí

- Scéalta Sí
- Mo Theaghlach
- Éadaí

Achoimre Tosaíonn an scéal amach agus Luaithrín ina cónaí lena leasmháthair, ag glanadh an tí agus í gléasta go gioblach. Nuair a thagann cuireadh ón rí chuig cóisir mhór, níl cead aici gúna nua a fháil, ná fiú freastal uirthi. De splanc, tagann a máthair bhaistí isteach le slaitín draíochta chun cabhrú léi agus as go brách léi ina cóiste puimcín. Ina dhiaidh sin, tá sí ag damhsa leis an bprionsa, cailleann sí a slipéar ar an mbealach amach, agus tagann seisear uirthi sa deireadh le cabhair ón slipéar céanna.

Tuairiscí na Moltóirí Athinsint úr ar scéal Luaithrína, cuireann an leagan Gaeilge seo beocht nua sa tseanchlasaic seo. Tagann pictiúir iontacha agus téacs ríme spreagúil le chéile chun scéal Luaithrín bhocht a insint, í ciaptha cráite ag a beirt deirfiúracha Smaoisín agus Straoisín, agus ag a leasmháthair Camilla, go dtí go dtagann an prionsa le slipéar gloine an teidil, ag athrú cinniúint Luaithrín ó bhonn. Lán le greann agus ciútaí, seo leabhar a mbeidh léitheoirí ag iarraidh filleadh air arís is arís eile.

Faoin Údar Is scríbhneoir, cumadóir agus fonnadóir é Feargas Mac Lochlainn. Tá agallaimh bheirte, lúibíní, drámaí agus amhráin scríofa aige do ghasúir freisin agus go leor duaiseanna bainte aige ag Oireachtas na Gaeilge. Is maisitheoir leabhar chomh maith é agus tá go leor léaráidí dá chuid foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht agus An Gúm. Bíonn sé ag obair go rialta i gConamara leis an eagraíocht scríbhneoireachta don óige, Fighting Words.



Faoin Maisitheoir Is údar agus maisitheoir Éireannach é Paddy Donnelly atá ag cur faoi sa Bhruiséil. I measc na leabhar óna pheann tá *Dodos are Not Extinct*, *Here be Dragons*, agus *The Vanishing Lake*. Tá clú idirnáisiúnta ar a shaothar agus moladh é don bhonn Kate Greenaway i 2022. Cuireadh é ar an gearrliosta do The World Illustration Awards i 2018. Bhain a chéad leabhar siúd, a raibh sé mar údar agus maisitheoir air, *The Vanishing Lake*, bonn óir amach i gcatagóir na bpictiúrleabhar de chuid ghradam IPPY. Chun teacht ar thuilleadh eolais faoin maisitheoir agus na tograí éagsúla atá ar siúl aige, féach ar a shuíomh gréasáin, a chuireann síos ar na leabhair ar fad atá maisithe aige, agus scríofa aige, <https://lefft.com/>

CEISTEANNA

SULA DTOSAÍONN TÚ

1. Breathnaigh ar an gclúdach. Clúdaigh an clúdach. Cuir do dhá lámh ar an gclúdach le nach bhfeicfidh aon duine eile é. Léigh amach an teideal *An Slipéar Gloine*. Tomhais céard faoi a bhfuil an scéal seo. An bhfuil an scéal seo léite agat in aon teanga eile?
2. Oscail na páipéir cheangail. Cén t-ainmhí a fheicimid? Cén ról atá ag na luchá beaga seo sa scéal?

LE LINN DUIT A BHEITH AG LÉAMH

1. Lch 2. Buailimid le deirfiúracha Luaithrín. Cad is ainm dóibh? Ar chuala tú na hainmneacha sin cheana féin?
2. Lch 4. Bíonn Camilla ar buile an t-am ar fad. Tabhair na horduithe seo a leanas do Luaithrín agus abair iad i nguth crosta. ‘Níl mé sásta, a Luaithrín! Tá an teach seo brocach salach – Féach an luaith ar an teallach. Glan na hurláir, scuab an halla – Feicim dusta ar an talamh!’
3. Lch 6. Tagann cuireadh ón Rí do gach aon chailín sa tír. An bhfuil an liosta sin fada nó gearr? Lig ort go bhfuil liosta á dhéanamh agat don chóisir mhór. Smaoinigh ar na haíonna speisialta a dtabharfaidh tú cuireadh dóibh.
4. Lgh 7–8. Cén cineál gúna a theastaíonn ó Smaoisín? Cén cineál gúna a theastaíonn ó Straoisín?
5. Lch 9. Tabhair na horduithe do Luaithrín i nguth ardnósach.
6. Lgh 11–12. Déarfaidh leath an ranga na horduithe agus déanfaidh an leath eile géáisí leis na jabanna ar fad a chur i gcrích.
7. Lgh 13–14. Croith do shlaitín draíochta le Máthair Baistí Luaithrín agus abair an gheis le chéile. ‘Fan go dtabharfaidh mise cúnamh. Tabharfaidh mise duitse – GÚNA!’
8. Lgh 15–16. Cad iad na rudaí a chruthaíonn an Mháthair Bhaistí di? Déan bualadh bos ag coinneáil ceithre bhuille agus an leathanach á léamh agat arís.
9. Lch 18. Cén fáth a bhfuil an Prionsa faoi ghruaim?
10. Lch 19. Tosóidh leath an ranga ag déanamh na géáisí agus léifidh an leath eile an véarsa.
11. Lch 20. Cé hí an spéirbhean, meas tú?

12. Lgh 21–22. Féach go géar ar na leathanaigh. An bhfeiceann tú a slipéar? Cé a thiocfaidh air?
13. Lgh 23–24. Tá an Prionsa ag iarraidh teacht ar an duine ar léi an slipéar. Conas a gheobhaidh sé amach cá bhfuil sí?
14. Lgh 25–26. Tá an Prionsa ag an doras! Cad a déarfaidh Smaoisín agus Straoisín leis?
15. Lch 28. Cén fáth a bhfuil an bheirt deirfiúracha ag rith?
16. Lgh 29–30. An féidir le Smaoisín agus Straoisín a gcosa a chur isteach sa slipéar? Cén fáth?
17. Lch 32. Léigh an líne dheireanach arís os ard sula ndúnann tú an leabhar. ‘Is mhair siad sona, sásta i ngrá. Le fada, fada, fada an lá.’

TAR ÉIS DUIT AN SCÉAL A LÉAMH

1. Ar chuala tú an scéal Cinderella cheana féin? An bhfuil an leagan seo cosúil leis? An dtugann tú aon difríochtaí faoi deara?
2. Déan siúlóid pictiúr tríd an leabhar arís. Ansin inis an scéal i d’fhocail féin.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Léigh leathanaigh 7–8 arís. Tá na cailíní ag smaoineamh ar ghúna speisialta don chóisir mhór. Dear trí ghúna éagsúla dóibh.
Abair an rann:
*A bhróigín, a bhróigín,
Cá bhfuil tú, a stóirín?
Is fuar atá mo choisín beag
Ag feitheamh leat, a bhróigín.
Brostaigh chugam, a deirim leat,
Nó beadsa tinn is breoite.*
- Is féidir an cluiche ‘A bhróigín, a bhróigín’ a imirt agus an rann á rá agat. Féach ar an lámhleabhar de rannta traidisiúnta curtha le chéile faoin teideal ‘Spraoi le chéile’ lch 109 [Games June 2009](http://www.galwaychildcare.com) ([galwaychildcare.com](http://www.galwaychildcare.com))

GNÍOMHAÍOCHTAÍ DO LÉITHEOIRÍ NÍOS SINE

- Cuir isteach na focail ‘smaois’ agus ‘straóis’ sa leagan ar líne den fhoclóir Gaeilge-Béarla www.teanglann.ie. Cad is brí leo? An oireann na hainmneacha sin do na deirfúiracha?
- Fráma Reoite. Roghnaigh an radharc is fearr leat sa scéal. Déan fráma reoite chun an radharc sin a chur in iúl.
- Taifead ar an Smaointeoireacht. Tabhair deis do na páistí eile sa rang duine amháin a roghnú san Fhráma Reoite. Ansin, inseoidh an duine sin don rang na smaointe atá ina gceann i láthair na huaire.

ÁISEANNA BREISE

- Féach ar Leathanach 419, nuachtlitir ón 10 Deireadh Fómhair 2022. [PowerPoint Presentation \(maynoothuniversity.ie\)](http://www.maynoothuniversity.ie) Cén gradam ar moladh *An Slipéar Gloine* dó?
- Breathnaigh ar na léirmheasanna eile a scríobh daoine ar an leabhar ar shuíomh an fhoilsitheora, Futa Fata. [An Slipéar Gloine | Futa Fata | Fearghas Mac Lochlainn | Paddy Donnelly](http://www.futafata.com) An aontaíonn tú leo? Scríobh isteach do léirmheas féin.